Deontas Costais Maireachtála chun tacú le Bhunscoileanna sa Scéim Oideachais Saor in Aisce (2023/2024-An Dara Tráthchuid)

1. Réamhrá

Leagtar amach i gCiorclán 0001/2024 an socrú maidir leis an dara tráthchuid den deontas costais maireachtála a íoc. Déantar é seo chun a chinntiú go mbeidh tacaíochtaí airgeadais ar fáil do bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Oideachais Saor in Aisce chun freastal ar chostais bhreise fuinnimh agus costais reatha mhéadaithe eile ó lá go lá. Eisíodh an dara tráthchuid an tseachtain seo caite.

Eisíodh an chéad tráthchuid den deontas seo do scoileanna i mí Dheireadh Fómhair 2023, féach Treoirlíne Airgeadais 13-2023/2024.

2. Príomhghnéithe an deontais

- Déanfar an deontas a ríomh bunaithe ar rollú daltaí aitheanta amhail an 30 Meán Fómhair 2022 agus tá sé bunaithe ar íosmhéid 60 dalta rollaithe.
- Tá na rátaí feabhsaithe iníoctha i gcás daltaí atá ag freastal ar scoileanna speisialta agus ranganna speisialta agus daltaí den Lucht Siúil atá ag freastal ar scoileanna príomhshrutha.
- Táthar ag súil nach mbeadh ar scoileanna ranníocaíochtaí deonacha breise a lorg ó thuismitheoirí.
- Ba cheart do bhoird bhainistíochta leanúint ar aghaidh ag lorg tacaíochta maidir le hollsholáthar um bhreoslaí téimh agus rátaí leictreachais ó shuíomh gréasáin an Aonaid um Sholáthar Scoileanna www.spu.ie

3. Rátaí

3.1 Rátaí an dara tráthchuid

Sampla den dara tráthchuid den deontas costais maireachtála do Bhunscoileanna aitheanta	
Líon na nDaltaí ar an Rolla	**Luach an Deontais**
Suas le 60	€1,980
100	€3,300
200	€6,600
400	€13,200
600	€19,800
Tabhair do d'aire: Tá na ríomhanna sa tábla seo bunaithe ar an ráta caighdeánach príomhshrutha	

Rátaí per capita don dara tráthchuid den deontas costais maireachtála do Bhunscoileanna aitheanta		
Rátaí Príomhshrutha		
Catagóir	**Faoi 12 bhliain**	**12 bhliain & níos sine**
a) Ráta Príomhshrutha	€33.00	€33.00
b) Scoileanna Náisiúnta a chothabhálann Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)	€13.20	€13.20
Rátaí Feabhsaithe, lena n-áirítear an ráta Príomhshrutha		
Deontas i gcomhair Lagú Radhairc	€157.00	€157.00
Deontas i gcomhair Lagú Éisteachta	€157.00	€157.00
Deontas i gcomhair Daoine atá Bodhar Amach is Amach	€160.00	€160.00
Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Phríomhshrutha)	€84.00	€124.00
Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil speisialta)	€104.00	€157.00
Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach	€157.00	€157.00
Míchumas Ginearálta Foghlama Trom/Domhain	€160.00	€160.00
Sain-mhíchumas foghlama (Scoil Phríomhshrutha)	€84.00	€124.00
Sain-mhíchumas foghlama (Scoil speisialta)	€104.00	€157.00
Corraíl Mhothúchánach	€157.00	€157.00
Suaitheadh Mothúchánach Trom	€160.00	€160.00
Míchumas Fisiceach	€157.00	€157.00
An tUathachas/Neamhord ar Speictream an Uathachais (ASD)	€160.00	€160.00

Sain-Neamhord Urlabhra agus Teanga	€157.00	€157.00
Níos mó ná aon chineál míchumais amháin	€160.00	€160.00
Daltaí den Lucht Siúil	€16.00	€46.00
Luath-idirghabháil ASD	€160.00	€160.00

Eisíodh an dara tráthchuid den deontas an tseachtain seo caite.

In **Aguisín A** tá rátaí na chéad tráthchoda a íocadh le scoileanna i mí Dheireadh Fómhair 2023.

4. Maoirseacht Airgeadais

Ba cheart an t-ioncam deontais a thaifeadadh go cuí i gcuntais na scoile.
Ní mór an cód cuntasaíochta seo a leanas a úsáid chun admháil an deontais a thaifeadadh.

Cód Ainmniúil	Cur síos	Cineál	Catagóir
3289	Deontas Costas Maireachtála Aonu	Ioncam	An Roinn Oideachais

Is féidir an caiteachas a thaifeadadh sa chuntas ainmniúil cuí atá ann cheana féin, mar shampla 5510 Costais Téimh nó 5550 Costas Solais agus Cumhachta.

Ba cheart aon cheisteanna maidir le Ciorclán 0001/2024 a sheoladh chuig Rannán Airgeadais na Scoileanna ag sdfinfo@education.gov.ie

FSSU Bunscoileanna
Guthán: 01-910 4020
primary@fssu.ie

An 8 Eanáir 2024

Aguisín A

Rátaí na chéad tráthchoda – a íocadh le Bhunscoileanna sa Scéim Oideachais Saor in Aisce i mí Dheireadh Fómhair 2023

Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcéad tráthchuid le fáil i gCiorclán 0056/2023.

Sampla den chéad tráthchuid den deontas costais maireachtála do Bhunscoileanna aitheanta	
Líon na nDaltaí ar an Rolla	**Luach an Deontais**
Suas le 60	€960
100	€1,600
200	€3,200
400	€6,400
600	€9,600
Tabhair do d'aire: Tá na ríomhanna sa tábla seo bunaithe ar an ráta caighdeánach príomhshrutha	

Rátaí per capita don chéad tráthchuid den deontas costais maireachtála do Bhunscoileanna aitheanta		
Rátaí Príomhshrutha		
Catagóir	**Faoi 12 bhliain**	**12 bhliain & níos sine**
a) Ráta Príomhshrutha	€16.00	€16.00
b) Scoileanna Náisiúnta a chothabhálann Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)	€6.40	€6.40
Rátaí Feabhsaithe, lena n-áirítear an ráta Príomhshrutha		
Deontas i gcomhair Lagú Radhairc	€78.00	€78.00
Deontas i gcomhair Lagú Éisteachta	€78.00	€78.00
Deontas i gcomhair Daoine atá Bodhar Amach is Amach	€80.00	€80.00
Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Phríomhshrutha)	€41.00	€62.00
Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil speisialta)	€52.00	€78.00
Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach	€78.00	€78.00
Míchumas Ginearálta Foghlama Trom/Domhain	€80.00	€80.00
Sain-mhíchumas foghlama (Scoil Phríomhshrutha)	€41.00	€62.00
Sain-mhíchumas foghlama (Scoil speisialta)	€52.00	€78.00
Corraíl Mhothúchánach	€78.00	€78.00
Suaitheadh Mothúchánach Trom	€80.00	€80.00

Míchumas Fisiceach	€78.00	€78.00
An tUathachas/Neamhord ar Speictream an Uathachais (ASD)	€80.00	€80.00
Sain-Neamhord Urlabhra agus Teanga	€78.00	€78.00
Níos mó ná aon chineál míchumais amháin	€80.00	€80.00
Daltaí den Lucht Siúil	€23.00	€23.00
Luath-idirghabháil ASD	€80.00	€80.00